## SUIRBHÉ NA HÉIREANN AR RANNPHÁIRTÍOCHT MAC LÉINN DO MHIC LÉINN TAIGHDE IARCHÉIME 2021

Go raibh maith agat as an PGR StudentSurvey.ie don bhliain 2021 a dhéanamh. Seans nach bhfuil na ceisteanna chomh hábhartha sin ó tharla nach mbíonn tú i láthair ar an gcampas rómhinic, ach tabhair an freagra is cruinne agus is féidir orthu i bhfianaise an taithí a bhí agat i rith na bliana acadúil (chun dáta). Tá ceisteanna nua sa suirbhé i mbliana a dhéileálann go sonrach leis an taithí a bhí agat agus tú i mbun cumarsáide le d'institiúid ardoideachais i rith COVID-19 agus beidh na ceisteanna sin ag tús an tsuirbhé.

### Cuid A: An saol i rith paindéim COVID-19

An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas maidir le tionchar COVID-19 ar d'eispéireas?

| | | Easaontaím go hiomlán | Easaontaím den | Aontaím den chuid | Aontaím go hiomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| A.1 | Bíonn m'institiúid ardoideachais i mbun cumarsáide liom ar bhonn éifeachtach agus tráthúil. | | | | |

| | | Easaontaím go hiomlán | Easaontaím den | Aontaím den chuid | Aontaím go hiomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| A.2 | Tá COVID-19 tar éis cur isteach ar mo mhaoiniú nó ar mo chumas mé féin a mhaoiniú i rith mo thaighde. | | | | |

| | | Easaontaím go hiomlán | Easaontaím den | Aontaím den chuid | Aontaím go hiomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| A.3 | Tá dóthain rochtana agam ar na háiseanna ar an gcampas atá de dhíth orm chun mo chuid taighde a dhéanamh. | | | | |

| | | Easaontaím go hiomlán | Easaontaím den | Aontaím den chuid | Aontaím go |
|---|---|---|---|---|---|
| A.4 | Tá timpeallacht fheiliúnach staidéir agam (spás oibre, rochtain idirlín, ríomhaire, etc.) sa bhaile. | | | | |

| | | Easaontaím go hiomlán | Easaontaím den | Aontaím den chuid | Aontaím go hiomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| A.5 | Airím go bhfuil mé nasctha le m'institiúid ardoideachais in ainneoin rochtain ar an gcampas a bheith srianta. | | | | |

| | |
|---|---|
| A.6 | Céard é an tionchar is mó a bhí ag COVID-19 ar do chuid taighde? |
| | |

| | |
|---|---|
| A.7 | Céard iad na bealaí ina bhféadfadh d'institiúid ardoideachais feabhas a chur ar an gcaoi ar thacaigh sí leat sna cúinsí reatha? |
| | |

## Cuid B: Infreastruchtúr agus Áiseanna Taighde

An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas maidir le hinfreastruchtúr agus áiseanna taighde?

| | | Easaontaím go hiomlán | Easaontaím den chuid is mó | Ní aontaím ná ní easaontaím | Aontaím den chuid is mó | Aontaím go hiomlán | Ní bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| B.1 | Tá spás oibre feiliúnach agam | | | | | | |

| | | Easaontaím go hiomlán | Easaontaím den chuid is mó | Ní aontaím ná ní easaontaím | Aontaím den chuid is mó | Aontaím go hiomlán | Ní bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| B.2 | Tá soláthar dóthanach acmhainní/áiseanna ríomhaireachta ann | | | | | | |

| | | Easaontaím go hiomlán | Easaontaím den chuid is mó | Ní aontaím ná ní easaontaím | Aontaím den chuid is mó | Aontaím go hiomlán | Ní bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| B.3 | Tá soláthar dóthanach áiseanna leabharlainne ann (acmhainní fisiciúla / ar líne san áireamh) | | | | | | |

| | | Easaontaím go hiomlán | Easaontaím den chuid is mó | Ní aontaím ná ní easaontaím | Aontaím den chuid is mó | Aontaím go hiomlán | Ní bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| B.4 | Tá rochtain agam ar na hacmhainní agus na háiseanna sainiúla atá de dhíth orm chun críche mo chuid taighde | | | | | | |

| B.5 | Tá mo chuid taighde á mhaoiniú ag [Roghnaigh gach ceann atá ábhartha] | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Scoláireacht | | Deontas | |
| | Scoláireacht (táillí amháin) | | Maoinithe ag fostóir | |
| | Féinmhaoinithe | | | |

| B.6 | Cuimsíonn mo mhaoiniú [Roghnaigh gach ceann a bhaineann le hábhar] | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Táillí | | Taisteal chuig comhdhálacha | |
| | Stipinn | | Taisteal eile (saotharlanna / institiúidí eile) | |
| | Ábhair thaighde | | Sainoiliúint | |

| B.7 | Má tá tuairimí eile agat maidir le hinfreastruchtúr agus áiseanna taighde, luaigh anseo iad |
|---|---|
| | |

## Cuid C: Stiúradh

| | | Stiúrthóir amháin | Beirt stiúrthóirí | Triúr stiúrthóirí nó níos mó |
|---|---|---|---|---|
| C.1 | An líon stiúrthóirí atá agam... | | | |

An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas maidir le stiúrthóireacht?

| | | Easaontaím go hiomlán | Easaontaím den chuid is mó | Ní aontaím ná ní easaontaím | Aontaím den chuid is mó | Aontaím go hiomlán | Ní bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| C.2 | Cuireann mo stiúrthóir(í) an leibhéal cuí tacaíochta ar fáil do mo chuid taighde | | | | | | |
| C.3 | Bím i dteagmháil go rialta le mo stiúrthóir(í), de réir mar is gá | | | | | | |
| C.4 | Cabhraíonn an t-aiseolas a thugann mo stiúrthóir(í) dom mo ghníomhaíochtaí taighde a threorú | | | | | | |
| C.5 | Cabhraíonn mo stiúrthóir(í) liom mo riachtanais oiliúna agus forbartha mar thaighdeoir a aithint | | | | | | |

| | |
|---|---|
| C.6 | Má tá tuairimí eile agat maidir le stiúrthóireacht, luaigh anseo iad |

## Cuid D: An Cultúr Taighde

An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas faoin gcultúr taighde? [Tabhair faoi deara: Sá chás go bhfuil an téarma 'roinn' úsáidte againn, tabhair freagra maidir le d'ionad, scoil, institiúid, scoil iarchéimithe nó aonad eile ina bhfuil tú lonnaithe nó lena bhfuil tú ceangailte go príomha chun críche do chuid taighde]

| | | Easaontaím go hiomlán | Easaontaím den chuid is mó | Ní aontaím ná ní easaontaím | Aontaím den chuid is mó | Aontaím go hiomlán | Ní bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| D.1 | Éascaíonn mo roinn rochtain ar chlár seimineáir ábhartha | | | | | | |
| D.2 | Spreagann an t-atmaisféar taighde i mo roinn mo chuid oibre | | | | | | |
| D.3 | Is minic a bhíonn deis agam mo chuid taighde a phlé le mic léinn taighde eile | | | | | | |

| | | Easaontaím go hiomlán | Easaontaím den chuid is mó | Ní aontaím ná ní easaontaí | Aontaím den chuid is mó | Aontaím go hiomlán | Ní bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| D.4 | Tá deiseanna agam a bheith rannpháirteach leis an bpobal taighde níos leithne lasmuigh de mo roinn féin | | | | | | |

| D.5 | Má tá tuairimí eile agat maidir leis an gcultúr taighde, luaigh anseo iad |
|---|---|
| | |

## Cuid E: Forchéimniú agus Measúnú

An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas maidir le hionduchtú, socruithe forchéimnithe agus measúnú?

| | | Easaontaím go hiomlán | Easaontaím den chuid is mó | Ní aontaím ná ní easaontaí | Aontaím den chuid is mó | Aontaím go hiomlán | Ní bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E.1 | Cuireadh ionduchtú / seisiún eolais cuí ar fáil dom maidir le mo chlár céime taighde | | | | | | |
| E.2 | Tuigim na riachtanais agus na spriocdhátaí atá ann chun go ndéanfaí monatóireacht fhoirmeálta ar mo dhul chun cinn | | | | | | |
| E.3 | Tuigim an caighdeán atá de dhíth do mo thráchtas | | | | | | |
| E.4 | Is follasach dom na nósanna imeachta measúnaithe deiridh do mo chéim taighde | | | | | | |

| E.5 | Má tá tuairimí eile agat maidir le hionduchtú, socruithe forchéimnithe agus measúnú, luaigh anseo iad |
|---|---|
| | |

## Cuid F: Deiseanna Forbartha

| Ar bhain tú leas as na deiseanna seo a leanas i rith do chláir céime taighde? [roghnaigh gach ceann a bhfuil feidhm léi] | | Bhain | Níor bhain | Níl fáil air |
|---|---|---|---|---|
| F.01 | Plean pearsanta oiliúna nó forbartha a aontú | | | |
| F.02 | Oiliúint a fháil chun mo scileanna taighde a fhorbairt | | | |
| F.03 | Oiliúint a fháil chun mo scileanna inaistrithe eile a fhorbairt | | | |
| F.04 | Comhairle a fháil maidir le roghanna gairme | | | |
| F.05 | Páirt a ghlacadh i socrúchán oibre nó intéirneacht | | | |
| F.06 | Freastal ar chomhdháil taighde acadúil | | | |
| F.07 | Páipéar nó póstaer a chur i láthair ag comhdháil taighde acadúil | | | |
| F.08 | Páipéar a leagan isteach le haghaidh a fhoilsithe in iris acadúil nó leabhar | | | |
| F.09 | Do thaighde a chur in iúl do lucht éisteachta neamhacadúil | | | |
| F.10 | Oiliúint a fháil i bhfiontraíocht agus nuálaíocht | | | |
| F.11 | Oiliúint i bhfiontraíocht agus nuálaíocht a chur chun feidhme e.g. faisnéisiú fionnachtana a leagan isteach nó iarratas ar phaitinn a chomhadú | | | |
| F.12 | Ag oibriú mar chuid d'fhoireann | | | |
| F.13 | Ag comhoibriú leis an earnáil thionsclaíoch | | | |
| F.14 | Ag comhoibriú le heagraíocht na sochaí sibhialta nó le heagraíocht phoiblí | | | |
| F.15 | Tréimhse ama a chaitheamh thar lear (lasmuigh de Phoblacht na hÉireann) mar chuid de do chéim taighde | | | |

| | | Bhain | Níor |
|---|---|---|---|
| F.16 | Tabhair le fios ar mhúin tú (nó an ndearna tú cuir i láthair) i d'institiúid i rith do chláir céime taighde | | |

| | | Easaontaím go hiomlán | Easaontaím den chuid is mó | Ní aontaím ná ní easaontaí | Aontaím den chuid is mó | Aontaím go hiomlán | Ní bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| F.17 | An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú gur chuir an teagasc / na láithreoirechtaí a rinne tú le d'eispéireas taighde trí chéile? | | | | | | |
| F.18 | An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú gur tugadh dóthain tacaíochta agus treorach duit i dtaobh do chuid teagaisc/láithreoireachta? | | | | | | |

| F.19 | Má tá tuairimí eile agat maidir le deiseanna forbartha (teagasc/láithreoireacht san áireamh), luaigh anseo iad |
|---|---|
| | |

## Cuid G: Scileanna Taighde

An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas faoi fhorbairt scileanna taighde?

| | | Easaontaím go hiomlán | Easaontaím den chuid is mó | Ní aontaím ná ní easaontaím | Aontaím den chuid is mó | Aontaím go hiomlán | Ní bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| G.1 | Tá forás tagtha ar mo scileanna chun modheolaíochtaí, uirlisí agus teicnící taighde cuí a chur chun feidhme i rith mo chláir | | | | | | |
| G.2 | Tá forás tagtha ar mo scileanna chun anailís chriticiúil a dhéanamh ar thorthaí agus iad a mheas le linn dom a bheith ar an gclár seo | | | | | | |
| G.3 | Tá forás tagtha ar mo mhuinín a bheith cruthaitheach nó nuálaíoch le linn dom a bheith ar an gclár seo | | | | | | |
| G.4 | Tá forás tagtha ar an tuiscint atá agam ar 'ionracas taighde' (e.g. déine, eitic, trédhearcacht, aitheantas a thabhairt do chion daoine eile) le linn dom a bheith ar an gclár seo | | | | | | |

| G.5 | Má tá tuairimí eile agat maidir le forbairt scileanna taighde, luaigh anseo iad |
|---|---|
| | |

## Roinn H: Scileanna Inaistrithe Eile

An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas maidir le forbairt scileanna inaistrithe eile?

| | | Easaontaím go hiomlán | Easaontaím den chuid is mó | Ní aontaím ná ní easaontaím | Aontaím den chuid is mó | Aontaím go hiomlán | Ní bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| H.1 | Tá forás tagtha ar mo chumas tionscadail a bhainistiú le linn dom a bheith ar an gclár seo | | | | | | |
| H.2 | Tá forás tagtha ar mo chumas eolas a chur in iúl go héifeachtach do ghrúpaí éagsúla le linn dom a bheith ar an gclár seo | | | | | | |
| H.3 | Tá aithne curtha agam ar dhaoine eile san earnáil le linn dom a bheith ar an gclár seo, nó tá teagmháil déanta agam le gréasáin phroifisiúnta | | | | | | |
| H.4 | Tá mé ag déanamh níos mó bainistíochta ar m’fhorbairt phroifisiúnta le linn dom a bheith ar an gclár seo | | | | | | |

| H.5 | Má tá tuairimí eile agat maidir le scileanna inaistrithe eile a fhorbairt, luaigh anseo iad |
|---|---|
| | |

## Roinn I: Freagrachtaí agus Tacaíocht

An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas maidir le freagrachtaí agus tacaíocht?

| | | Easaontaím go hiomlán | Easaontaím den chuid is mó | Ní aontaím ná ní easaontaí | Aontaím den chuid is mó | Aontaím go hiomlán | Ní bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| I.1 | Tuigim na freagrachtaí atá orm mar mhac léinn taighde | | | | | | |
| I.2 | Tá mé ar an eolas maidir le freagrachtaí mo stiúrthóra/stiúrthóirí i mo leith mar mhac léinn taighde | | | | | | |
| I.3 | Seachas mo stiúrthóir(í), tá a fhios agam cé leis a labhróinn dá mbeadh imní orm faoi aon ghné acadúil de mo chlár taighde | | | | | | |

| I.4 | Cé leis/cén t-aonad a labhrófá leo? (tabhair an t-aonad nó ainm an róil seachas ainm duine faoi leith) | |
|---|---|---|

| | | Fíorbheagán | Roinnt | Roinnt mhaith | Go leor |
|---|---|---|---|---|---|
| I.5 | Cé mhéad eolais atá agat ar na foinsí tacaíochta éagsúla atá ar fáil do mhic léinn? (Caitheamh aimsire, cúram sláinte, comhairleoireacht, etc) | | | | |

| | | Easaontaím go hiomlán | Easaontaím den chuid is mó | Ní aontaím ná ní easaontaí | Aontaím den chuid is mó | Aontaím go hiomlán | Ní bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| I.6 | Is mór le m'institiúid aiseolas ó mhic léinn taighde, agus tugtar freagraí ar an aiseolas sin | | | | | | |

| I.7 | Má tá tuairimí eile agat maidir le freagrachtaí mac léinn / comhaltaí foirne nó faoin gcóras tacaíochta, luaigh anseo iad |
|---|---|
| | |

## Cuid J: Dearcadh pearsanta

An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas faoi do dhearcadh pearsanta?

| | | Easaontaím go hiomlán | Easaontaím den chuid is mó | Ní aontaím ná ní easaontaím | Aontaím den chuid is mó | Aontaím go hiomlán | Ní bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| J.1 | Tá mé sásta leis an saol atá agam faoi láthair | | | | | | |
| J.1 | Tá mé sásta leis an saol atá agam laistigh de m'institiúid faoi láthair | | | | | | |
| J.2 | Tá mé sásta leis an gcothromaíocht oibre is saoil atá agam | | | | | | |
| J.3 | Tá duine i m'institiúid ar féidir liom labhairt leis nó léi faoi ghnáthfhadhbanna | | | | | | |
| J.4 | Airím go mbaineann luach le mo chlár taighde | | | | | | |

| J.5 | Má tá tuairimí eile agat maidir le do dhearcadh pearsanta, luaigh anseo iad |
|---|---|
| | |

Déan teagmháil leis an tseirbhís tacaíochta mac léinn i d'institiúid má tá aon cheann de na fadhbanna a pléadh i gCuid J ag cur as duit.

## Rannáin K agus L: Inspreagadh agus Gairm

| Roghnaigh na trí ábhar spreagtha is mó a bhí agat nuair a rinne tú an cinneadh tabhairt faoi chéim taighde ón liosta seo a leanas, agus cuir in ord tábhachta iad trí iad a mharcáil 1, 2 nó 3 (1 = an spreagadh is mó, 3 = an spreagadh is lú) | | |
|---|---|---|
| K.1 | An spéis a bhí agam i m'ábhar | |
| K.2 | Feabhas a chur ar mo dheiseanna chun fostaíocht a fháil i réimse acadúil/gairme | |
| K.3 | Feabhas a chur ar mo dheiseanna chun fostaíocht a fháil lasmuigh de réimse acadúil/gairme | |
| K.4 | Spreag iartheagascóir acadúil/iarstiúrthóir mé | |
| K.5 | Bhí an maoiniú ar fáil | |
| K.6 | D'airigh mé gur céim nádúrtha a bhí ann | |
| K.7 | Bhí mé spreagtha oibriú le hacadóir faoi leith | |
| K.8 | Forbairt nó oiliúint phroifisiúnta | |
| K.9 | Eile (sonraigh le do thoil): | |

| Roghnaigh na trí chineál gairme is mó a bhfuil spéis agat iontu tar éis duit do chéim thaighde a chríochnú, agus cuir in ord tábhachta iad trí iad a mharcáil 1, 2 nó 3 (1 = an ceann is mó spéise, 3 = an ceann is lú spéise) | | |
|---|---|---|
| L.1 | Gairm acadúil san earnáil ardoideachais (taighde agus teagasc, nó teagasc leis féin) | |
| L.2 | Gairm thaighde san earnáil ardoideachais | |
| L.3 | Gairm eile san earnáil ardoideachais | |
| L.4 | Gairm thaighde lasmuigh den earnáil ardoideachais (e.g. in eagraíocht taighde phríobháideach, i gcarthanas nó san earnáil thionsclaíoch) | |
| L.5 | Teagasc (ag leibhéal faoi bhun an leibhéil ardoideachais) | |
| L.6 | Filleadh ar an bhfostóir a bhfuil do chéim á hurrú aige, nó fanacht leis | |
| L.7 | Filleadh ar an bhfostóir nach bhfuil do chéim á hurrú aige, nó fanacht leis | |
| L.8 | Féinfhostaíocht (do ghnó féin a bhunú san áireamh) | |
| L.9 | Aon ghairm phroifisiúnta eile | |
| L.10 | Éiginnte, nó gan aon chinneadh a bheith déanta fós | |
| L.11 | Eile (sonraigh le do thoil): | |

## Cuid M: Taithí ar an iomlán

| | | Go dona | Maith go leor | Go maith | Sármhaith |
|---|---|---|---|---|---|
| L.1 | Cén cur síos a dhéanfá ar do thaithí taighde trí chéile san institiúid seo? | | | | |

| L.2 | Céard iad na gnéithe / míreanna is luachmhaire de do chlár taighde? |
|---|---|
| | |

| L.3 | Céard iad na gnéithe / míreanna de do chlár taighde a bhféadfaí feabhas a chur orthu? |
|---|---|
| | |

| | | Easaontaím go hiomlán | Easaontaím den chuid is mó | Ní aontaím ná ní easaontaí | Aontaím den chuid is mó | Aontaím go hiomlán | Ní bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| L.4 | Tá mé muiníneach go n-éireoidh liom mo chlár taighde a chríochnú laistigh den scála ama a bhfuil m'institiúid ag súil leis | | | | | | |

| An raibh sé ar intinn agat riamh tarraingt siar ó do chlár taighde? [roghnaigh gach ceann a bhaineann le hábhar] | | |
|---|---|---|
| L.5 | Ní raibh sé ar intinn agam tarraingt siar riamh | |
| L.6 | Bhí, ar chúiseanna airgid | |
| L.7 | Bhí, ar chúiseanna pearsanta nó teaghlaigh | |
| L.8 | Bhí, ar chúiseanna sláinte | |
| L.9 | Bhí, ar chúiseanna fostaíochta | |
| L.10 | Bhí, chun aistriú chuig institiúid eile | |
| L.11 | Eile (sonraigh le do thoil) | |

Go raibh maith agaibh as an suirbhé seo a líonadh.

*D'fhorbair an Cumann Teicneolaíochta Ardoideachais ("THEA") an t-ábhar seo agus a inneachar thar ceann na Comhpháirtíochta StudentSurvey.ie náisiúnta. Úsáidtear roinnt de na ceisteanna sa suirbhé seo le cead ón Higher Education Academy, an Ríocht Aontaithe ("HEA") agus is ag an HEA atá an cóipcheart as a leithéid d'ábhar agus inneachar. Ní ceadmhach aon atáirgeadh, athrú ná oiriúnú a dhéanamh air gan cead i scríbhinn a bheith faighte roimh ré ón HEA. © The Higher Education Academy 2012. Leasaithe 2017. Gach ceart ar cosaint.*